


Cabhraigh linn tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfeidhmíonn cógais i COVID-19

Táimid ag brath ort leanúint d'aon fo-iarsmaí amhrasta a thuairisciú a d'fhéadfadh a bheith ar d'othair le cógais atá á dtógáil acu agus iad ionfhabhtaithe.

Tuairiscigh le do thoil gach fo-iarsmaí amhrasta a bhíonn ar d'othair agus iad ionfhabhtaithe, lena n-áirítear le cógais atá beartaithe chun an galar nó na riochtaí a bhí ann cheana féin a chóireáil.

Ba cheart fo-iarsmaí amhrasta a thuairisciú fiú mura bhfuil an cógas údaraithe le húsáid i COVID-19.



Chun cur i gcuimhne duit féin maidir le conas tuairisciú chuig d'údarás náisiúnta, téigh chuig an láithreán gréasáin ábhartha:

www.adrreports.eu/ga/report_side_effect.html

Agus fo-iarsmaí á dtuairisciú acu, spreagtar gairmithe cúram sláinte faisnéis a sholáthar atá chomh cruinn agus chomh hiomlán agus is féidir.



Agus fo-iarmhairt amhrasta in othar á thuairisciú agat, ba chóir duit cur in iúl dúinn:

- Aois agus inscne an othair
- Cibé acu an ndearnadh an t-ionfhabhtú a dhiagnóisiú trí thástáil nó an raibh sé bunaithe ar shiomptóim chliniciúla amháin
- Cur síos ar na fo-iarsmaí
- Ainm an chógais (ainm branda mar aon le substaint ghníomhach) a bhfuil amhras ann gur cúis leis na fo-iarsmaí
- Dáileog agus fad na cóireála leis an gcógas
- Uimhir bhaisce an chógais (le fáil ar an bpacáistíocht)
- Aon chógas eile a ghlactar timpeall an ama céanna, lena n-áirítear cógais neamh-oidis, leigheasanna luibhe nó frithghiniúnaigh
- Aon riochtaí sláinte eile a d'fhéadfadh a bheith ar d'othair